BA CHEART D'IARRTHÓIRÍ FAOI SCÉIM NA H-AONÍOCAÍOCHTA (SPS) IN 2007 AN MÉID SEO A LEANAS A THABHAIRT FAOI DEARA

MAR IARRTHÓIR FAOI SCÉIM AONÍOCAÍOCHTA 2007, IARRTAR ORT BILEOG CHABHRACH/TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA SCÉIM AONÍOCAÍOCHTA 2007 A LÉAMH SULA LÍONANN TÚ FOIRM IARRATAIS SPS 2007 ISTEACH. NÍ CHUIREANN AN ACHOIMRE SEO BÉIM ACH AR GHNÉITHE ÁIRITHE DE SPS 2007 DO D'AIRE.

BLIAIN 3 DE SCÉIM NA H-AONÍOCAÍOCHTA – D'FHÉADFADH TEIDLÍOCHTAÍ A BHEITH CAILLTE GO DEO

Tá riail bhunúsach 3 bliana "Bain leas astu nó caill iad" faoi Scéim na hAoníocaíochta. Is í 2007 an tríú bliain den chéad chiogal Scéime Aoníocaíochta trí bliana agus dá bharr sin is bliain thar a bheith tábhachtach do roinnt feirmeoirí í. D'fhéadfadh aon fheirmeoir nach bhfuil dóthain heicteár incháilithe arna ndearbhú aige nuair a chuirtear 2005 agus 2006 le chéile agus nach mbaineann amach a líon iomlán de theidlíochtaí fiú nuair a chuirtear heachtáir 2007 leis an suim seo, roinnt dá c(h)uid teidlíochtaí ar an gCúltaisce Náisiúnta nó iad uile a chailliúint. Caillfear teidlíochtaí nuair is lú suim na heicteár a dearbhaíodh sa trí bhliain uile ná líon na dteidlíochtaí a shealbhaítear. Má tá 10 dteidlíocht agat, mar shampla, agus nach ndearbhaíonn tú ach 3 heicteár incháilithe i ngach ceann de bhlianta 2005, 2006 agus 2007 na scéime (9 heicteár san iomlán), caillfidh tú 1 teidlíocht amháin.

ORD ÍOCAÍOCHTA TEIDLÍOCHTAÍ

I líon measartha beag de chásanna, sealbhaíonn iarrthóirí SPS teidlíochtaí ar a bhfuil luachanna difriúla. D'fhéadfadh eascairt as na cúinsí seo, cibé rud is cúis leis, nach mbíonn dóthain heicteár le fáil chun íocaíocht ar gach uile cheann de na teidlíochtaí sin a chinntiú in 2007. De ghnáth déanfar íocaíocht maidir le teidlíochtaí san ord a leagtar amach ar fhoirm iarratais SPS réamhphriontáilte, is é sin;

***Ar an gCéad Dul Síos:* Tugtar tús áite do theidlíochtaí cuir i leataobh, nuair is oiriúnach, seachas aon teidlíochtaí eile faoin Aoníocaíocht.**

***Ar an Dara Dul Síos:* Teidlíochtaí a thagann ina n-iomláine ón gCúltaisce Náisiúnta.**

Ina dhiaidh sin, teidlíochtaí Caighdeánacha, Caighdeánacha Aistrithe nó teidlíochtaí breisithe ón gCúltaisce Náisiúnta ag tosú leis na teidlíochtaí is airde luach.

Más mian leat ord íocaíochta difriúil a roghnú ós rud é nach mbeidh "heicteár talún incháilithe amháin le haghaidh gach teidlíochta" faoi 2007 agat, ba cheart duit iarratas a chur don Roinn a shonraíonn do rogha ord íocaíochta ar fhoirm "Ord Íocaíochta Teidlíochtaí". Eiseofar cóip den fhoirm seo don uile iarrthóir SPS le linn mhí an Mhárta 2007. Ní bheidh ar an gcuid is mó d'iarrthóirí an fhoirm seo a sheoladh ar ais. Mura mbíonn ort ord íocaíochta difriúil a iarraidh, ba cheart an fhoirm líonta a chur isteach faoi dháta deiridh 4ú Bealtaine 2007.

AISTRIÚ TEIDLÍOCHTAÍ

Ní bhíonn teidlíochtaí íocaíochta ceangailte le talamh ach is leis an bhfeirmeoir iad a bhí i mbun saothraithe sa tréimhse atá i gceist agus nach bhfuair íocaíochtaí díreacha faoi cheann amháin nó níos mó de Scéimeanna a bhain le Préimheanna Beostoic nó Cúnamh do Thalamh Curaíochta, 2000 – 2002. Is féidir teidlíochtaí a aistriú mar dhíol/léas/bhronntanas nó oidhreacht.

Is féidir teidlíochtaí a dhíol le talamh nó dá héagmais ach ní féidir í a dhíol gan talamh chomh luath agus a úsáidtear 80% in aon bhliain amháin. Ní féidir teidlíochtaí a léasú gan talamh. Ní féidir iad a léasú amach go feirmeoir eile ach nuair a bhíonn líon coibhéiseach heicteár de thalamh incháilithe ina dteannta. Is féidir teidlíochtaí a aistriú freisin, le talamh nó dá héagmais, mar bhronntanas nó mar oidhreacht. Féach Caibidil 13 de Bhileog Chabhrach/Téarma agus Coinníollacha SPS 2007. Más mian le feirmeoir iarratas a dhéanamh chun Teidlíochtaí a aistriú faoi Scéim Aoníocaíochta 2007 sa bhliain sin ní mór an fhoirm iarratais líonta, chomh maith le haon cháipéisí tacaithe, a bheith istigh faoi dháta deiridh 4Ú BEALTAINE 2007.

COMHDHLÚTHÚ TEIDLÍOCHTAÍ

I gcúinsí sainmhínithe áirithe, is féidir le feirmeoir iarratas a dhéanamh chun a c(h)uid teidlíochtaí a chomhdhlúthú ar líon níos lú de heachtáir ná a raibh le fáil don fheirmeoir sin le linn na tréimhse atá i gceist. Féach Caibidil 15 de Bhileog Chabhrach/Téarma agus Coinníollacha SPS 2007. Más mian leat cur isteach ar Chomhdhlúthú in 2007, seol an fhoirm iarratais líonta isteach, chomh maith le haon cháipéisí tacaithe go díreach don Rannóg Comhdhlúite, Aonad na hAoníocaíochta, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Foirgneamh Eircom, Cnoc Meá, Port Laoise, Contae Laoise faoin dáta deiridh 4Ú BEALTAINE 2007 le do thoil.

RIALAUITHE AGUS INIÚCHADH

Beidh iarratais Aoníocaíochtaí Feirme faoi sheiceáil riaracháin, rialuithe trí chianbhrath ag baint leasa as íomhánna satailíte nó grianghrafadóireacht aeir agus iniúchadh ar na feirmeacha iad féin. Aontóidh iarrthóirí cead a thabhairt d'oifigigh nó do ghníomhairí de chuid na Roinne iniúchadh a ghabháil de láimh ar fheirm le fógra tosaíochta nó gan é ag am(anna) réasúnta ar bith agus gan dochar do dhliteanas poiblí. Féach Caibidil 24 de Bhileog Chabhrach/Téarma agus Coinníollacha SPS 2007.

TRASCHOMHLÍONTA

Faoi na riachtanais a bhaineann le Traschomhlíonadh, ní mór d'fheirmeoir a fhaigheann íocaíochtaí lena n-áirítear SPS, DAS agus a leithéidí, na riachtanais reachtúla éagsúla maidir le bainistíocht a leagtar síos i reachtaíocht an AE (Treoracha agus Rialacháin) maidir leis an gcomhshaol, le sábháilteacht bhia, sláinte agus leas ainmhithe, agus sláinte plandaí a urramú agus an fheirm a chothú i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil. Eisíodh leabhráin ar a bhfuil "The Single Payment Scheme - Your Guide to the Cross Compliance, "Guide to Cross Compliance Requirements to be implemented in 2006 and 2007" agus "Explanatory Handbook for Good Agricultural Practice Regulations" ina bhfuil sonraí faoi oibleagáidí ar cheart d'fheirmeoirí a dhéanann iarratas faoi Scéim na hAoníocaíochta iad a urramú don uile fheirmeoir in 2005 agus 2006. Tugann na foilseacháin seo mionsonraí faoi na riachtanais maidir le traschomhlíonadh a leagtar amach i Rialacháin de chuid an AE a oireann faoi Scéim na hAoníocaíochta. Féach Caibidil 25 de Bhileog Chabhrach/Téarma agus Coinníollacha SPS 2007.

IARRATAIS AR LÍNE IN 2007

Tá seirbhís nua á seoladh inar féidir iarratais SPS a chur isteach Ar Líne chuig an Roinn. Beidh an tseirbhís seo, ar tionscadal píolótach in 2007 í, le fáil ó go luath i mí Mhárta 2007 amach. Ní mór d'fheirmeoir ar mian leis iarratas a chur isteach ar líne a bheith cláraithe le Ríomhsheirbhísí na Roinne. Is féidir iarratais le haghaidh cláraithe a dhéanamh ar líne trí logáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag www.agriculture.gov.ie nó go díreach go Clár www.agfood.ie. trí líonadh isteach na sonraí a iarrtar. Chun críocha slándála, faoin gclárúchán seo tugtar Cód Rochtana Pearsanta (PAC) sainiúil duit tar éis duit clárúchán a dhéanamh. Beidh ort do phasfhocal 6 digit féin a chruthú freisin. Ligfidh an PAC agus an Pasfhocal, chomh maith le d'Uimhir PPS, Uimhir Vat nó CRO duit rochtain a fháil ar shonraí SPS agus d'iarratas in 2007 a dhéanamh ar líne. Más mian leat leas a bhaint as an áis seo in 2007 ach nach bhfuil tú cláraithe, ba cheart duit iarratas a dhéanamh le haghaidh cláraithe láithreach bonn. Tá breis eolais faoi conas is féidir leat clárú le haghaidh na seirbhíse seo a fháil ó Agfood.ie Helpdesk, Lo call 1890 252 118 nó ar ríomhphost go agfood@agriculture.gov.ie.
Mura bhfuil tú in ann clárúchán a dhéanamh tú féin, más mian leat is féidir do chomhairleoir talmhaíochta (Gníomhaire Talmhaíochta) a ainmniú chun iarratas a dhéanamh ar líne thar do cheann. Measfar Gníomhairí Talmhaíochta, i gcomhthéacs an tionscadail phíolótaigh seo, ag an Roinn a bheith ina bpleanálaithe/gcomhairleoirí cáilithe mar is cuí le taithí aitheanta i líonadh isteach foirmeacha iarratais thar ceann feirmeoirí agus foirm a chur isteach ar a dtugtar "Authorisation Form to allow an Agent to act on behalf of a Single Payment Scheme Applicant" - SPS Auth 1. Más rud é go gcuirtear d'iarratas SPS isteach in ainm cuideachta, ba cheart duit foirm SPS Auth 2 a líonadh agus a chur isteach. Eisíodh cóip den fhoirm chuí, priontáilte le sonraí faoi d'ainm, do sheoladh, uimhir tréada agus a leithéidí don uile iarrthóir faoi SPS.

SCÉIM NA LIMISTÉAR FAOI MHÍBHUNTÁISTE

Is é d'iarratas SPS 2007 d'iarratas freisin faoi Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste 2007 fhad agus a chomhlíonann tú riachtanais na scéime sin – féach Caibidil 2007 de Bhileog Chabhrach/Téarmaí agus Coinníollacha SPS 2007. Ba cheart tabhairt faoi deara, áfach, ós rud é go bhfuil DAS mar pháirt de Chlár Forbartha Tuaithe 2007 – 2013 atá ag fanacht le faomhadh ó Choimisiún an AE agus na coinníollacha a leagtar síos i mBileog Chabhrach/Téarmaí agus Coinníollacha SPS 2007 go bhféadfadh sí a bheith faoi athruithe.

SCÉIM BARRA FUINNIMH

Íocfar cúnamh de €45 gach heicteár in aghaidh na bliana as réimsí a chuirtear faoi bharr fuinnimh faoi na coinníollacha a leagadh síos – féach Caibidil21 de Bhileog Chabhrach/Téarmaí agus Coinníollacha SPS 2007. Sainmhínítear barr fuinnimh mar bharr a chuirtear ar fáil go bunúsach chun (1) táirgí a mheastar mar bhith-bhreosla agus (2) fuinneamh leictreach agus teirmeach a tháirgeadh. Íocfar líonadh suas breise de €80 an heicteár, arna mhaoiniú ag an Státchiste Náisiúnta, chomh maith. Beidh an íocaíocht breise seo i bhfeidhm ar feadh trí bliana, ag tosú le Scéim 2007. Tá an íocaíocht breise seo faoi uasleibhéal an táirgeoir thar an trí bhliain. Tá Scéim Bunaithe Bith-fhuinnimh chun deontais i gcabhair a thabhairt chun saileach agus miscanthus a chur, arna maoiniú ag an Státchiste náisiúnta, á bunú ar feadh tréimhse teoranta freisin. Is féidir sonraí a fháil ón

Rannóg um Beartas Barra, Roinn Talmhaíochta agus Bia, Páirc Ghnó Kea-Lew, Bóthar Mhaighean Rátha, Port Laoise, Contae Laoise, guthán: 057- 8692231.

TALAMH A ÚSÁIDTEAR CHUN PRÁTAÍ, TORTHAÍ AGUS GLASRAÍ A SHAOTHRÚ

Deir na Rialacháin de chuid an AE a leagann síos sonraí faoi Scéim na hAoníocaíochta nach mbíonn talamh a úsáidtear chun prátaí, torthaí nó glasraí a shaothrú incháilithe chun críocha teidlíochta faoi SPS a tharraingt anuas. Tar éis neart díospóireachta, tá aontaithe ag Coimisiún an AE an scéal seo a athbhreithniú. Cé gur dócha go mbeidh a leithéid de thalamh mar thalamh incháilithe faoi SPS sa todhchaí, níl aon ráth go ndéanfar aon athrú dá leithéid in am trátha d'iarratais SPS 2007. Fógróidh an Roinn aon athrú chomh luath in Éirinn agus a tharlaíonn sé.

TEIDLÍOCHTAÍ MAIDIR LE BIATAS SIÚCRA

Sa bhliain 2006, i gcomhthéacs leasú an AE ar chóras an tsiúcra, bunaíodh na rátaí cúitimh le fáil faoin ngné a bhaineann le biatas siúcra i Scéim na hAoníocaíochta. Cuireadh an cúiteamh seo isteach i Scéim na hAoníocaíochta in 2006 agus beidh sé i bhfeidhm de réir mar a leagadh amach le haghaidh blianta le teacht. Ardaítear an tsuim iomlán do gach tonna a chonraítear ó €9.62 sa bhliain 2006 go €11.71 sa bhliain 2007.

FOIRMEACHA IARRATAIS LE HAGHAIDH BEART ÉAGSÚLA FAOI SPS

Tá foirmeacha iarratais le haghaidh Scéim na hAoníocaíochta agus na bearta uile coibhneasta léi le fáil ó Aonad na hAoníocaíochta, Roinn Talmhaíochta agus Bia, Foirgnimh an Rialtais, Port Laoise, Contae Laoise nó ó Oifigí Áitiúla na Roinne, nó ó shuíomh Gréasáin na Roinne ag www.agriculture.gov.ie nó ó THEAGASC.

FOIRM IARRATAIS 2007 Á LÍONADH ISTEACH AGAT

SAINAITHNÍODH NA BEARTA SEO A LEANAS MAR AN CHÚIS IS COITIANTA LE MOILL Ó THAOBH PRÓISEÁLA AGUS/NÓ ÍOCAÍOCHTAÍ LAGHDAITHE. TABHAIR NA CEISTEANNA SEO FAOI DEARA LE DO THOIL AGUS FOIRM SPS 2007 Á LÍONADH AGAT CHUN A CHINNTIÚ GO MBAINEANN TÚ LEAS AS DO CHUID ÍOCAÍOCHTAÍ INA N-IOMLÁINE GAN MHOILL NÁ PHIONÓS GAN ÚDAR.

- ✓ ***IS IONANN AON TEIDLÍOCHT AMHÁIN AGUS AON HEICTEÁR TALÚN AMHÁIN***
  MÁ TÁ 10 DTEIDLÍOCHTAÍ AGAT MAR SHAMPLA, NÍ MÓR DUIT 10 HEICTEÁR INCHÁILITHE A DHEARBHÚ CHUN LEAS A BHAINT AS D'AONÍOCAÍOCHT IOMLÁN. NÍ MÓR D'IARRTHÓIRÍ AN TALAMH AR FAD ATÁ LE FÁIL DÓIBH IN 2007 A DHEARBHÚ.
- ✓ ***CAITHFEAR CÁIPÉISÍ TACAITHE MAR LÉARSCÁILEANNA, FIANAISE FAOI CHOIMÍNEACHT AGUS MAR SIN DE A CHUR ISTEACH LE HIARRATAIS SPS DE RÉIR MAR IS CUÍ NÓ A CHUR AR AGHAIDH LEO FÉIN MÁS RUD É GO BHFUIL IARRATAS AR LÍNE Á CHUR ISTEACH AGAT.***

- ✓ ***CUIR ISTEACH, NÓ ATHRAIGH MÁS GÁ, AN DÁTA TOSAIGH 10 MÍ DO GACH GABHÁLTAS/CEAPACH TALÚN A DHEARBHAÍTEAR AR D'FHOIRM – FÉACH CAIBIDIL 19 DE BHILEOG CHABHRACH/TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA SPS 2007.***

- ✓ ***NÁ DÉAN RÓ-ÉILEAMH AR ACHAR AN GHABHÁLTAIS – DÉAN LAGHDUITHE NUAIR IS GÁ LE HAGHAIDH FOIRGNEAMH, TAILTE FEIRME, GRÁGÁN AGUS MAR SIN DE. NUAIR A BHÍONN ACHAR TAGARTHA AG GABHÁLTAS, DE GHNÁTH NÍ FÉIDIR LEAT ACHAR NÍOS MÓ A ÉILEAMH ÓS RUD É GO GCRUTHÓIDH SÉ SEO RÓ-ÉILEAMH AGUS B'FHÉIDIR PIONÓS. TABHAIR FAOI DEARA NA SAINMHÍNITHE AR GHABHÁLTAIS I MBILEOG CHABHRACH/TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA SPS 2007.***

- ✓ ***DEARBHAIGH NA GABHÁLTAIS AR FAD AGAT IN 2007. TÁ PIONÓS ANN FREISIN AS FO-DHEARBHÚ GABHÁLTAS TALÚN.***

- ✓ ***DÉAN SEICEÁIL CHUIMSITHEACH AR NA SONRAÍ RÉAMHPHRIONTÁILTE AR D'FHOIRM AGUS DÉAN AON ATHRUITHE IS GÁ. LÍON ISTEACH NA SONRAÍ CUÍ IN AON BHOSCA ATÁ FOLAMH. MURA NDÉANTAR AMHLAIDH MEASFAR D'IARRATAS A BHEITH NEAMHIOMLÁN AGUS BEIDH MOILL I GCEIST LE PRÓISEÁIL.***

- ✓ ***NÍ MÓR DUIT NA RIACHTANAIS A BHAINEANN LE SAINAITHINT AGUS CLÁRÚCHÁN AINMHITHE A URRAMÚ.***

DÁTA DEIRIDH LE HAGHAIDH IARRATAS

Is é an dáta deiridh le haghaidh iarratas faoi Scéim Aoníocaíochta (SPS) 2007 ná Dé Luain 4ú Bealtaine 2007. Glacfar le hiarratais dheireanacha suas go dtí Dé Máirt 29ú Bealtaine. Beidh pionós de chailliúint 1% in íocaíochtaí do gach lá oibre idir an dáta deiridh agus an dáta faighte, áfach, maidir le hiarratais a fuarthas sa tréimhse idir 5ú Bealtaine agus 29ú Bealtaine. Ach amháin i gcás force majeure, beidh cailliúint iomlán íocaíochtaí i gceist maidir le hiarratais a fhaightear níos déanaí ná An Mháirt 29ú Bealtaine 2007.

ATHRUITHE AR FHOIRMEACHA IARRATAIS SPS

Is féidir athruithe ar iarratais faoi Scéim Aoníocaíochtaí 2007, ar líne nó scríofa, a dhéanamh suas go dtí 31Ú BEALTAINE 2007. Ní ghlacfaidh an Roinn le foirmeacha athraithe tar éis an dáta sin. Tá foirm shonrach – SPS2007 AMENDMENT FORM – ar mhaithe leis seo. Tá an fhoirm seo, lena n-áirítear sonraí iomlána faoi na cúinsí ina nglacfar le hAthruithe, le fáil ó Aonad na hAoníocaíochta, Oifigí Áitiúla na Roinne, TEAGASC agus ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag www.agriculture.gov.ie.